Glaoch do Léiritheoir Chruthaitheach
Do thogra Idirnáisiúnta
Óró...

Clár Tréimhsí Cónaithe curtha i láthair ag Gaillimh 2020 agus Ealaín na Gaeltachta Teo, i gcomhar lena bpáirtnéirí san Eoraip.

Tá Ealaín na Gaeltachta Teo ag lorg Léiritheoir Chruthaitheach chun tacú leis togra idirnáisiúnta ealaíne a fhorbairt do Ghaillimh 2020. Beidh an té a cheapfar ag obair d'Ealaín na Gaeltachta ar chonradh sainchuspóire, páirt-aimseartha agus ag comhoibriú le roinnt comhpháirtithe idirnáisiúnta. Beidh an té a cheapfar in ann léiriú go bhfuil tograí samhlaíoch, uaillmhianach ealaíne cruthaithe aige/aici, cumas comhoibrithe den scoth, cumas buiséid a bhainistiú go slachtmhar agus cumas teacht ar fhoinsí breise maoinithe. Seachas na gnéithe idirnáisiúnta, beidh an togra á reáchtáil trí mheáin na Gaeilge.

Chun do shuim a léiriú agus le breis sonraí a fháil ar an ról seo agus ar an togra, seol ríomhphost chuig Muireann Ní Dhroighneáin ag Ealaín na Gaeltachta Teo.
Tel: (091) 503100 e-mail: m.nidhroighneain@udaras.ie
Is é 4.00 i.n Dé hAoine, 17 Bealtaine, 2019 an spriocdháta.